2024/1696

20.6.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1696 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Meitheamh 2024

lena dtarraingítear siar fhormheas na substainte gníomhaí aicibeansólar-S-meitil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/389 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(3) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh formheas aicibeansólar-S-meitile a athnuachan le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/389 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([3]), leasaíodh Rialachán (CE) 1107/2009 trí chritéir nua a thabhairt isteach chun substaintí gníomhacha a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh acu a shainaithint, agus tháinig sé i bhfeidhm an 10 Samhain 2018. Ceanglaítear leis sin go ndéanfadh an t-iarratasóir faisnéis bhreise dheimhnitheach a chur faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') a mhéid a bhaineann le hairíonna suaiteora inchrínigh aicibeansólar-S-meitile.

(3) Chuir an t-iarratasóir sainchomhaid cothrom le dáta isteach chomh maith le faisnéis bhreise i mí Feabhra 2019.

(4) An 8 Iúil 2021, d'fhoilsigh an tÚdarás athbhreithniú piaraí ar an tsubstaint ghníomhaí aicibeansólar-S-meitil ([4]) i ndáil leis na sonraí deimhniúcháin a chuir an t-iarratasóir isteach, athbhreithniú ina dtuairiscíodh nárbh fhéidir measúnú ar airíonna suaiteora inchrínigh aicibeansólar-S-meitile a thabhairt chun críche bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil i leith daoine agus orgánaigh nach spriocorgánaigh iad araon, agus ina sainaithníodh sonraí breise ba ghá chun an measúnú a thabhairt chun críche.

(5) Dá réir sin, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar an bhformheas ar an tsubstaint ghníomhach atá ann cheana i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Iarradh ar an iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2025, faisnéis atá riachtanach chun a mheas an gcomhlíonann aicibeansólar-S-meitil na critéir formheasa a leagtar síos i bpointe 3.6.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin go fóill.

(6) An 8 Meán Fómhair 2023, chuir an t-iarratasóir an Coimisiún ar an eolas faoi theacht chun críche staidéir bhreise maidir le hairíonna suaiteora inchrínigh aicibeansólar-S-meitile agus gur chinn sé an tsubstaint sin a fhéin-aicmiú mar thocsaineach don atáirgeadh (de chatagóir 1B) (R1B) faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/389 ón gCoimisiún an 17 Márta 2016 lena ndéantar fhormheas na substainte gníomhaí aicibeansólar-S-meitil a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 73, 18.3.2016 lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2016/389/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 trí chritéir eolaíocha a leagan amach chun airíonna suaiteora inchrínigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/605/oj).

([4]) Athbhreithniú piaraí a rinneadh ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí aicibeansólar-S-meitil, Iris EFSA 2021;19(7):6687 https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6687.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

(7) Dá réir sin, níor suíodh go gcomhlíontar na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá réir sin, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann aicibeansólar-S-meitil na critéir formheasa a leagtar síos i bpointe 3.6.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí formheas aicibeansólar-S-meitile a tharraingt siar.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([6]) a leasú dá réir agus ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/389 a aisghairm.

(10) Ba cheart am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit údaruithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil aicibeansólar-S-meitil a tharraingt siar.

(11) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil aicibeansólar-S-meitil, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse chairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart an tréimhse sin a bheith chomh gearr agus is féidir agus gan bheith níos faide ná 12 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(12) Leis an Rialachán seo, ní chuirtear cosc ar iarratas nua a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach aicibeansólar-S-meitil a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas a tharraingt siar

Tarraingítear siar formheas na substainte ghníomhaí aicibeansólar-S-meitil.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

I gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar ró 98 maidir le aicibeansólar-S-meitil.

Airteagal 3

Bearta idirthréimhseacha

Déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil aicibeansólar-S-meitil mar shubstaint ghníomhach faoin 10 Eanáir 2025.

Airteagal 4

Tréimhse chairde

Aon tréimhse chairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 10 Iúil 2025.

([6]) IO L 153, 11.6.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/540/oj.

Airteagal 5

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/389.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN